2026/2563

20.11.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2563 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Samhain 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1127 a mhéid a bhaineann leis an liosta calafort trasloingsithe coimeádán comharsanach

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 2(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun an riosca go dtabharfadh longa coimeádán cuairteanna seachanta ar chalafoirt lasmuigh den Aontas agus go n-athlonnófaí gníomhaíochtaí trasloingsithe a laghdú, eisiatar leis an sainmhíniú ar 'chalafort cuarda' i Rialachán (AE) 2023/1805 stadanna ag calafoirt trasloingsithe coimeádán chomharsanacha a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 2(2) den Rialachán sin. Tá na calafoirt sin le sainaithint sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh i gcomhréir leis an Airteagal sin, atá le tabhairt cothrom le dáta gach 2 bhliain.

(2) Suíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1127ón gCoimisiún ([2]) gur chomhlíon calafoirt 'East Port Said' san Éigipt agus 'Tanger Med' i Maracó na coinníollacha sin.

(3) Tá calafort Abu Qir na hÉigipte lonnaithe níos lú ná 300 muirmhíle ó chalafort atá faoi dhlínse Ballstáit. Le linn na tréimhse 12 mhí is déanaí a bhfuil sonraí ábhartha ar fáil ina leith, bhí sciar an trasloingsithe coimeádán ag an gcalafort sin níos mó ná 65 % dá thréchur iomlán coimeádán.

(4) Tá calafort Damietta na hÉigipte lonnaithe níos lú ná 300 muirmhíle ó chalafort atá faoi dhlínse Ballstáit. Le linn na tréimhse 12 mhí is déanaí a bhfuil sonraí ábhartha ar fáil ina leith, bhí sciar an trasloingsithe coimeádán ag an gcalafort sin níos mó ná 65 % dá thréchur iomlán coimeádán.

(5) Ní chuireann an Éigipt bearta i bhfeidhm atá coibhéiseach le Rialachán (AE) 2023/1805 i leith an dá chalfort sin. Dá bhrí sin, comhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2023/1805 agus ba cheart calafoirt Abu Qir agus Damietta a liostú mar chalafoirt trasloingsithe coimeádán chomharsanacha.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1928 a leasú dá réir.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Shábháilteacht ar Muir agus um Thruailliú ó Longa a Chosc,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1977.

([1]) IO L 234, 22.9.2023, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1805/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1127 ón gCoimisiún an 6 Meitheamh 2025 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le calafoirt trasloingsithe coimeádán chomharsanacha a shainaithint (IO L, 2025/1127, 10.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1127/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Samhain 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN

Calafoirt trasloingsithe coimeádán chomharsanacha dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2023/1805

Uimh.	Ainm an chalafoirt	Tír
1.	ABU QIR	AN ÉIGIPT
2.	DAMIETTA	AN ÉIGIPT
3.	EAST PORT SAID	AN ÉIGIPT
4.	TANGER MED	MARACÓ'